



An Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtuithe Cosanta, 2020

Tuarascáil Bhliantúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a rinneadh léi sa bhliain roimhe sin agus an beart a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtadh cosanta den sórt sin.

De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann go bhfuarthas nochtadh amháin agus go ndearnadh imscrúdú air de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Rinneadh imscrúdú ar an nochtadh cosanta agus cinneadh mar thoradh air sin go raibh an nochtadh gan bhunús. Cuireadh an méid sin in iúl don nochtóir agus tá an cás dúnta anois.